

Ní bás acht deaghailt re Dia  
[RIA 8 (24/L/6), 47]  
{Authorem huius nescio/Colmán}  
[Deibhidhe, Dán Díreach]

- 1 Ní bás acht deaghailt re Dia  
mairg dheaghlios re mac Maria  
iomdha fáidh dhamh [dá] dhearbadh  
ó a thoil ní cóir ceileabhra[dh].
- 2 As é as bás dár-íribh ann [48]  
tréigion Dé dul a n-ifrionn  
beag cás tighe acht an tig-sin  
bás eile ní huireasbaidh.
- 3 Móide as doilghe deaghuil ris  
Rí(gh) fíor ar nach fuil eisleis  
níor chinn [leg. ghein?] rí(gh) as cóir 'na chonchlann  
rí(gh) d[o] fhóir (ghlan) an Ádhamhclann.<sup>a</sup>
- 4 Iomdha a n-ifrionn ar chionn cháich  
piana troma as tuar orchráidh  
éag gach luibhe dá leighios  
duine sa[n] chéad chuímhnigheas.
- 5 Fear cúmhdaigh na ccúirtionn ngeal  
ní thuig mar théid a dheiredh  
ní thuig fer an óir fhallsa  
nár choir séd [leg. seadh?] san saoghal-sa.
- 6 Ní thuig breithiomh na mbreath cclaon  
nac bí ann gac aonchúis ionntaobh  
nách é san bhráth bhús bhreithiomh  
sé acht mar chách ní creidf(u)ígher.
- 7 Ní fhidir fer an tshleachta<sup>a</sup>  
bhíos a n-áilgheas (a) oighreachta  
dá mbiadh aige céd do chloinn  
nach fada an t-éag ón ursai[n]n.
- 8 Mairg a bhean na beirte sroill  
's na calla díomsúighe dergóir<sup>s</sup>  
nách smuain(eann) a ndiongna [leg. ndingneadh?] an daol  
san uaigh a inghion fholtchaomh.
- 9 Mo thruagh nách tuigim-se féin  
mo chionnta dia do dhíthchéill  
móide as cóir m'olca d'aithfer  
lochta cháich cé cronaighther.
- 10 Ní bhfuil neach dá uaisle d'fhuil  
dá mhéid f[h]uair d'innmhe an tshaoghuil  
nách féd tocht go tig [leg. teach] nimhe  
acht neach bhús olc aithríghe.
- 11 Gíodh cómhdeas don uile fear  
tocht don tig (g)a ttá an Dúileamh  
don bhocht as edh as usa  
tocht as-tech [leg. -gh] don turus-[s]a
- 12 Sgéal diadha dá dherbadh sin

- fuarus ar dhí(a)s do dhaoinibh  
a ngaol na ccros [leg. na ngrís?] dá mbáthadh  
fá saobh don dís derbhrathar.
- 13 Tárla dhíobh duine daidhbhelir  
is fer rathmhur róshaidhbhir  
géarbh iongna[dh] dáil na deise  
cáir ionramh na haindeise.
- 14 Ní bhfaghadh géarbh olc an modh  
fuíghl[e]ach bídh búird an bhráthar  
fer snassholus go ngairm ngúidhe [leg. ngaoil?]  
Lazarus ainm an oglaoich (mhacaoimh).
- 15 Gíodh fada do fuilngthí leis [49]  
méd a íota 'sa ocrais  
ní hamhgar don bhrathair bhocht  
do ghnáthuigh(eth) adhradh d'úmhlocht.
- 16 Suíghter a n-ucht Abrah-áim  
d'éis a bháis fá beart neamhnáir  
gnúis naomhtha gan chorp ccollach  
an bocht aobhdha ocarach.
- 17 Cend a ré(idhe) táinig(h) as-teach  
fuair an t-acfuingeach uaibhreach  
an teach [leg. teagh] do dhligh fá dheredh  
dá thig do lean Lucifer [leg. -bhear?].
- 18 Do-chí a-bhus a bhrathair féin  
do réir oibreacha an Fhíoraoin  
an cédfhear do-chóidh ar ceal  
san ghlóir nách éidir d'áiriomh.
- 19 Sirios mar athchuinghedh [leg. -idh] air  
braon do bharr meoir dá mhéaraibh  
bíodh go ndáilfedh eas don fhior  
ní bháithfedh teas na teine[adh].
- 20 Ann-sin do thuig an toic[th]each  
gan bheith diadha deárlaigtheach  
nár ghabh gaol an fhír eile  
's nár dhlig taom don trócaire.
- 21 Nách mairg duine 'na dhiaig sin  
do bhiadh gan bháidh ré a bhrathair  
truagh ár ttoil gan inn d'aontoil  
's nac linn an crodh coigealtar.
- 22 Dá madh linn buar an bheatha  
ór 7 eich uaibhreacha  
's gach ní ar domhan budh áil d'fhear  
folamh ár ndáil fá dheredh.
- 23 Truagh dhíbh-se a dhaoine an domhuin  
caoinedh an chuirp chriadhamhail  
na cuirp madh mór[a] a maoiné  
córa na huilc d'athchaoinedh.
- 24 Toisg an anma d'éis an bháis  
ann a-tá ádhbhar uathbháis  
ní hé bhús uamhan oruinn

- acht síghin<sup>r</sup> uamdha<sup>r</sup> ifrinn<sup>r</sup>.
- 25 Iomdha 'nár ccionn cúis truaighe  
lá na breithe bithbhuaine  
breatha díorga Dé atha(i)r  
nár dhíorga mé ar mearachadh.
- 26 A-tá r(e)ó(mha)inn go soichiom sin  
flathas glórmhur Dé dúilig  
teagh mur é as fearr innmhe  
a ccend Dé go ndeachaim-ne.<sup>r</sup>
- 27 Nár dheaghla mé ré Muire  
bean tíodhlaic[th]e (na) trócaire  
grian na ríogh[bh]an ár roighrádh  
an fhial fhíorghlan iodhannar.
- 28 Sí r(e)o(mhu)inn 'na réaltain mhara [50]  
(a)s í uair eile ár n-anncaire  
(a)s í ár stiúir a n-am anfa[i]dh  
(a)s í craobhshiobhail [leg. crann siúil?] ár seoilárthuig.
- 29 As í luibh leighis ár locht  
as í an [leg. as?] innilte ár n-úmhlocht  
bíodh mo threoir a ttaom Mhuire  
as (í) craobh (ch)eoil gach aonduine. Ní...